# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018**

**INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT**

(Gnáthleibhéal **–** 200 marc)

---


DÉARDAOIN, 7 MEITHEAMH MAIDIN, 9:30 – 12:00

Freagair **Ceist 1, Roinn A** agus **Roinn B**, agus **trí** cheist ar bith eile.

**Ceist 1.** **(65 marc)**


**ROINN A – 30 marc**

Freagair **sé cinn ar bith** acu seo **go hachomair**:



**(a)** Tabhair **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn an chomhpháirt a thaispeántar á déanamh ar dheil CNC.

**(b)** An foinse in-athnuaite fuinnimh nó foinse neamh-inathnuaite fuinnimh é *Painéal Gréine*?



**(c)** Tabhair **dhá** fheidhm a bhaintear as an meicníocht raicín agus cheapachóra a thaispeántar.

**(d)** Tabhair **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach líníocht ar a bhfuil toisí a úsáid in obair thionscadail.

**(e)** Mínigh an téarma *alt sealadach*.



**(f)** Mínigh cén fáth a bhfuil *cos ghearr* amháin ar an LED a thaispeántar.

**(g)** Ainmnigh an *cóimhiotal* a dhéantar as luaidhe agus stán.

**(h)** Tabhair dhá fheidhm atá le cábla USB.



**ROINN B – 35 marc**

Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar na príomhghnéithe oibríochta a bhaineann le **ceann amháin ar bith** acu seo a leanas:



Crágán ceithre shaorghiall



Stialltéitheoir



Uirlis foirbeacháin.

**(j)** Mínigh **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

Víreas, Gearrthóir léasair CNC, Gréasáin shóisialta, Brabhsálaí gréasáin.

**(k)** Tabhair sainmhíniú ar an téarma *inslitheoir leictreachais* i dtaca le hairíonna ábhar de **agus** ainmnigh ábhar **amháin** atá ina inslitheoir maith leictreachais .

**(l)** Mínigh **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:


Clár Ciorcad Priontáilte (PCB), Raca is pinniún, Uirlis dípháirtiúcháin, Friotóir inathraithe.

**(m)** Ainmnigh an uirlis ghearrtha a thaispeántar agus tabhair an fheidhm atá aici.




**Ceist 2.** **(45 marc)**


**(a)** Ainmnigh **gach** ceann de na foirnéisí seo a leanas agus tabhair na feidhmeanna atá ag **gach** ceann acu.



**(i)**



**(ii)**



**(iii)**

**(b)** Roghnaigh ceann **amháin** de na foirnéisí a thaispeántar ag **2(a)** thuas agus freagair **gach** ceann acu seo a leanas:

**(i)** Tarraing léaráid den fhoirnéis agus lipéadaigh na príomhpháirteanna;

**(ii)** Ainmnigh na hábhair sa lucht;

**(iii)** Déan cur síos ar an tslí a mbaintear an miotal as an bhfoirnéis.

**(c)** **(i)** Ainmnigh ábhar oiriúnach as a bhféadfaí **gach** comhpháirt a thaispeántar thíos a dhéanamh.

**(ii)** Tabhair cúis **amháin le gach** ábhair díobh a roghnú.



An rinn ar uirlis ghearrtha deile



Uirlis cheoil



Leabachaoi deile

**(d)** Roghnaigh **dhá cheann ar bith** de na miotail seo a leanas agus cuir in iúl cé acu feiriúil nó neamhfheiriúil atá said:



**(i)** Alúmanam



**(ii)** Copar



**(iii)** Iarann teilgthe.

**Ceist 3.** **(45 marc)**

**(a)** **(i)** Ainmnigh an próiseas teaschóireála **agus** luaigh an t-airí meicniúil riachtanach nuair a fhuaraítear cruach ardcharbóin **go tapa** ó theocht 900$^{o}$C.

**(ii)** Ainmnigh an próiseas teaschóireála **agus** luaigh an t-airí meicniúil riachtanach nuair a ligtear do chopar fuarú **go mall** ó theocht 900$^{o}$C.

**(b)** Déan cur síos ar na próisis teaschóireála a úsáidtear i n**gach** cás acu seo a leanas:

**(i)** Chun *faghairt* a dhéanamh ar bhior scríobaire.



**(ii)** Chun *screamhchruachan* a dhéanamh ar bhior scriúire.






**(c)** Tabhair **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh agus teaschóireáil á déanamh ar mhiotail.

**(d)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na hairíonna seo a leanas a bhaineann le miotail:

**(i)** Seoltacht, **(ii)** Brisce, **(iii)** Righneas.

**NÓ**




**(d)** Tabhair **dhá** fheidhm atá ag an róbataic sa tionsclaíocht.

**Ceist 4.** **(45 marc)**

**(a)** **(i)** Ainmnigh an **dá** ghás is coitianta a úsáidtear agus gástáthú ar siúl.

**(ii)** Tabhair an *dath* a bhíonn ar **gach** sorcóir a úsáidtear chun na gáis a ainmnítear i gcuid **4(a)(i)** thuas a stóráil.

**(iii)** Ainmnigh na **trí** chineál lasrach a chruthaítear agus gástáthú ar siúl.

**(b)** Tabhair an fheidhm atá ag **trí cinn ar bith** acu seo a leanas i stuathátú miotail de láimh:







**(i)** Masc táthúcháin, **(ii)** Gineadóir, **(iii)** Coimeádán leictreoidí, **(iv)** Lámhainní leathair.

**(c)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:




**(i)** Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le *spot-táthú* chun cruach leatháin a nascadh.

**(ii)** Ainmnigh modh oiriúnach a úsáidtear chun alt buan a chruthú idir comhpháirteanna leictreonacha.



**(iii)** Déan cur síos ar chúis oiriúnach **amháin** a n-úsáidtear glaschnó agus obair thionscadail á cóimeáil.

**(iv)** Tabhair **dhá** ghuais sláinte a bhaineann le gástáthú.

**(d)** Tabhair **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn iarann sádrála leictreach á úsáid.



**Ceist 5.** **(45 marc)**

**(a)** As ábhair phlaisteacha a rinneadh na trí chomhpháirt a thaispeántar thíos.



Hata crua sábháilteachta,



Buidéal naíonáin,



Carr súgartha.

**(i)** Ainmnigh próiseas déantúsaíochta plaistigh a úsáidtear i ndéantús **gach** ceann de na comhpháirteanna thuas.

**(ii)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar **cheann amháin ar bith** de na próisis déantúsaíochta a d'ainmnigh tú, i gcuid **5(a)(i)** thuas.

**(b)** Freagair **gach ceann** díobh seo a leanas, mar a bhaineann le teicneolaíocht phlaisteach:

**(i)** Ainmnigh a téarma a úsáidtear do phlaistic a fhanann crua tar éis é a théamh;

**(ii)** Ainmnigh a téarma a úsáidtear do phlaistic a éiríonn bog nuair a théitear é;

**(iii)** Luaigh modh oiriúnach **amháin** a úsáidtear chun dramhphlaistic a dhiúscairt.

**(c)** Roghnaigh **dhá cheann ar bith** de na hearraí a thaispeántar thíos **agus** ainmnigh ábhar plaistice oiriúnach a úsáidtear chun **gach** ceann acu a dhéanamh:



**(i)** Mála plaisteach



**(ii)** Píobán uisce do ghairdíní




**(iii)** Coimeádán bia.

**(d)** Tabhair **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh agus plaistigh á bhfoirmiú ar stialltéitheoir.

**Ceist 6.** **(45 marc)**

**(a)** Tá an mhionsamhail de roth stiúrtha a thaispeántar le casadh ar dheil láir.




**(i)** Ainmnigh **trí** oibríocht chasta a úsáidtear i ndéantús an rotha stiúrtha.

**(ii)** Déan cur síos, agus léaráidí oiriúnacha mar chúnamh agat, ar **gach** ceann de na **trí** oibríocht chasta a d'ainmnigh tú ag **6(a)(i)** thuas.

**(b)** Déan cur síos ar fheidhm oiriúnach do **gach** ceann de na modhanna coinneála obair dheile a thaispeántar thíos.



**(i)** Crágán trí ghiall féinláraithe



**(ii)** Lár a úsáid

**(c)** Taispeántar thall páirt de dheil láir.



**(i)** Ainmnigh an pháirt de dheil a thaispeántar.

**(ii)** Déan cur síos ar fheidhm na páirt de dheil a thaispeántar.

**(iii)** Tabhair **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn an pháirt de dheil a thaispeántar in úsáid.

**NÓ**

**(c)** Déan cur síos ar **thrí cinn ar bith** díobh seo a leanas mar a bhaineann le hoibríocht dheil CNC:

**(i)** Sciath chosanta **(ii)** Mótar céimneach **(iii)** Ríomhchlár páirte **(iv)** CAM.


**Ceist 7.** **(45 marc)**

**(a)** **(i)** Déan cur síos ar **dhá** mhodh chun trastomhas seafta a thomhas go cruinn.



**(ii)** Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hasléamh digiteach ar ionstraimí tomhais.

**(b)** Déantar poll agus seafta de réir na dtoisí a thaispeántar.





Luaigh: **(i)** Trastomhas ainmniúil an tseafta;

**(ii)** Uas-trastomhas an tseafta;

**(iii)** Íos-trastomhas an phoill;

**(iv)** An cineál oiriúna a bheidh mar thoradh ar chóimeáil an tseafta is mó agus an phoill is lú.

**(c)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na huirlisí a thaispeántar agus tabhair feidhm **amháin** atá ag **gach** uirlis atá ainmnithe agat.



**(i)**



**(ii)**



**(iii)**



**(iv)**

**NÓ**

**(c)** **(i)** Tarraing an tsiombail chiorcaid do **thrí cinn ar bith** de na comhpháirteanna a bhfuil na lipéid **A**, **B**, **C** nó **D** orthu.

**(ii)** Luaigh an fheidhm atá ag **gach** ceann de na comhpháirteanna leictreonacha a roghnaigh tú ag **7(c)(i)** thuas.

